

Dea-chleachtais i dTeagasc trí Ghaeilge in Éirinn

Aoife Ní Shéaghdha & T. J. Ó Ceallaigh, Coláiste Mhuire gan Smál





Clár na cainte

- ▀ Cúlra, comhthéacs agus cuspóir an taighde
- ▀ Spléachadh ar dhea-chleachtais idirnáisiúnta
- ▀ Modheolaíocht an taighde
- ▀ Torthaí
- ▀ Moltaí

Ceist agus fócas an taighde


► Fócas taighde

- Dea-chleachtais do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn uile-oileánda a aithint ar mhaithe le critéir aitheantais a leagadh síos don earnáil

Tá sé ríthábhachtach iniúchadh a dhéanamh ar eispéiris saoil na múinteoirí tumoideachais, agus tuiscint a fháil ar na heispéiris sin, chun tuiscint iomlán a fháil ar a chasta atá teagasc agus foghlaim i gcomhthéacsanna éagsúla lán-Ghaeilge. Sa tuairiscáil seo, féachtar go criticiúil ar an iliomad gnéithe a bhíonn i gceist in obair múinteoirí tumoideachais. Is de réir dearcadh múinteora eolaigh agus dearcadh atá fréamhaithe sa seomra ranga a fhéachtar ar na gnéithe sin.

Cad é, cá háit, cén chaoi agus cén fáth? Níl freagra ar na ceisteanna seo ach amháin má chuirtear iad i gcomhthéacs grúpa áirithe foghlaimeoirí ag idirghníomhú le múinteoir áirithe, i bhfianaise chúlra agus fhealsúnacht na bhfoghlaimeoirí sin, a scileanna sa sprioctheanga, agus i gcomhthéacs an ghrúpa múinteoirí a chuireann curaclam ar leith ar fáil i bpobal ar leith, ag brath ar chineál áirithe tacaíochta ...

Tá sé mar aidhm ag an taighde seo na dea-chleachtais atá ar siúl cheana fein i seomra ranga éagsúla ag líon mór múinteoirí a léiriú de réir dearcadh an mhúinteora.



Ní mór a thabhairt san áireamh ar dtús go bhfuil éagsúlacht leathan bainteach le comhthéacsanna an oideachais lán-Ghaeilge agus go mbíonn na comhthéacsanna seo ag brath ar chúinsí éagsúla Fealsúnacht, Mhunlaí – múnla idirchéimneach, cothabhála, oidhreachta, saibhriúcháin – ar Chlár – comhthéacs soch-chultúrtha, soch-theangeolaíoch, soch-phoilitiúil, stádas na teanga

Bíonn tionchar ag na comhthéacsanna seo ar thorthaí foghlama. Mar shampla léirítear go bhfuil leibhéil níos airde inniúlachta agus cruinnis sa Bhéarla á mbaint amach ag cainteoirí dúchais óga na Gaeilge (Lenaogh, 2014; Pétarváry et al., 2014) coincheap atá aitheanta mar an dátheangachas dealaitheach. Baineann go leor buntáistí coeolaíochta, teangeolaíocha agus cumarsáide le an dátheangachas suimitheach.

Bíonn an taighde ar an tumoideachas nó ar an oideachas dhátheangach dúshlánach go minic toisc éagsúlacht agus castacht ag baint le sainmhínithe sa réimse seo ag oideachasóirí difriúla. I gcás an oideachais dhátheangaigh in Éirinn, mar shampla, sa Ghaeltacht ach go háirithe, úsáideann taigdeoirí difriúla lipéidiú difriúil don mhúnla oideachais atá i bhfeidhm ansin (m.sh Oideachas Cothabhála agus Oidhreachta, Oideachas Saibhriúcháin, Oideachas sa Teanga Dúchais nó Teanga Mionlaigh, Tumoideachas).

1. Ginchumas teanga le forbairt - Cruinneas na gramadaí, Réimse foclóra, Go sochtheangeolaíoch
2. Tá éagsúlacht mhór ann idir na hionchais a bhíonn ag múinteoirí éagsúla tumoideachais ó thaobh an méid a mbíonn siad ag súil leis in úsáid teanga i measc na ndaltaí.
3. Bíonn siad ag streachailt le raon leathan leibhéal teanga agus cumais i ngrúpaí daltaí agus bíonn deacrachtraí le h úsáid shóisialta agus labhairt na Gaeilge a chothú (Ó Duibhir et al, 2015);
4. Soláthar múinteoirí don earnáil (Mac Donnacha et al., 2005; Máirtín, 2006; Ó Grádaigh, 2015) agus ullmhú agus forbairt múinteoirí don suíomh tumoideachais
5. Bíonn brú rómhór ar mhúinteoirí ó éilimh na hoibre agus ní sholáthraítear dóthain ama agus tacaíochta dóibh don phleanáil (Ní Drisceoil, 2015; Uí Ainiféin, 2015)
6. Inniúlacht Ghaeilge na múinteoirí (Ó Ceallaigh, 2013; Ó Cualáin, 2013; Ó Grádaigh, 2015; Uí Ainiféin, 2015)
7. Bonn eolais in easnamh (Ó Ceallaigh, 2013; Ó Grádaigh, 2015; Ní Thuairisg, 2014; Uí Shúilleabháin, 2015)
8. Bearna sa soláthar náisiúnta
(Mac Donnacha et al., 2005; Máirtín, 2006; Ní Shéaghdha, 2010; Ní Thuairisg, 2014; Ó Ceallaigh, 2013; Ó Duibhir, 2006, 2009; Ó Duibhir et al. 2015; Ó Grádaigh, 2014; Ó Murchú, 2003; Uí Shúilleabháin, 2015)

Tréithe dea-chleachtais

- **Fairsinge an Tumtha**
 - Aois, méid ama, leanúnachas
- **Struchtúr, Comhtháiteacht & Pleanáil an Chláir**
 - Fís, timpeallacht foghlama atá dearfach, ceannaireacht éifeachtach, múnla agus polasaí soiléir tumoideachais
- **Freagracht, Ceannaireacht agus Luacháil**
 - Measúnú, próiseas féinmheastóireachta scoile
- **Curaclam**
 - Uileghabhálach le freastal ar éagsúlú agus ar dhifreálú
- **Oideolaíocht**
 - Teagasc idirdhealaithe teanga, comhtháthú teangacha agus ábhar, teagasc foirm-dhírithe, aschur teanga

Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar na príomhdhea-chleachtais atá luaite sa litríocht idirnáisiúnta i dtaca leis an tumoideachas, d'fhéadfaí iad a rangú iréimsí ar leith:

1. Is féidir le tumadh a bheith “iomlán” gan aon T1 sa churaclam ar feadh bliana nó tréimhse níos faide ná sin, nó “páirteach”, gan ach 50% nó níos lú de na hábhair á dteagasc trí mheán T2. Is iad na hathróga is coitianta a ndéantar tagairt dóibh sa litríocht idirnáisiúnta ar an tumoideachas ná aois na ndaltaí nuair a thosnaíonn siad an t-eispéireas tumoideachais, an méid ama a chaitear ar ábhar a theagasc trí mheán an dara teanga (nó an teanga dúchais nó an sprioctheanga) i gcomparáid leis an mórtheanga agus an léanúnachas ó leibhéal go leibhéal sa chóras oideachais
2. Bunaithe ar a taighde idirnáisiúnta an tumoideachais, is gá go mbeadh fís chomhtháite dhátheangachais/délitearthachta atá aontaithe ag foireann iomlán na scoile, timpeallacht foghlama atá dearfach, ceannaireacht éifeachtach, múnla agus polasaí soiléir tumoideachais agus obair leanúnach ar chothú agus ar chur i bhfeidhm an mhúnla seo, chun go mbeadh an córas éifeachtach.
3. Pléann formhór den taighde ar scoileanna éifeachtachta an ról lárnach atá ag measúnaíocht agus freagracht as caighdeán, mar dhea-chleachtas. Gan chóras measúnaithe atá ábharach agus éifeachtach ó thaobh na dteangacha de, tá sé

dódhéanta léargas a fháil ar conas mar atá ag éirí leis an gclár tumoideachais. Úsáideann scoileanna éifeachtachta córais mheasúnaithe a thagann le fíis agus aidhmeanna na scoile mar aon le bheith ag freagairt do churaclam agus caighdeán oiriúnach. Forbairt polasaithe agus struchtúr athbhreithnithe (Mac Donnacha et al, 2005, SCT, 2007; Flatharta, 2007)

4. Curaclam uileghabhálach a leagann amach spriocanna agus torthaí foghlamtha céimnithe ag déanamh idirdhéalaithe nó difrealú idir foghlaimoirí éagsúla
5. Tá sé áitithe ag scoláirí gur gá bonn eolais agus tacar sainscileanna oideolaíocha ar leith don teagasc sa tumoideachas anuas ar chumas cainteora dúchais nó geall leis i dteanga nó i dteangacha an teagaisc

Tréithe dea-chleachtais

- **Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil na Múinteoirí**
 - oiliúint tosaigh múinteoirí, cláir luathfhorbartha gairmiúla, cláir forbartha gairmiúla leanúnaí
- **Teagasc Córasach agus Úsáid na Mórtheanga sa Tumoideachas**
 - ar bheartas institiúide, leibhéal inniúlachta na ndaltaí, ábhar acadúil casta agus ar a úsáidí atá T1 dar leis an múinteoir féin
- **Nasc le Pobal/Teaghlach**
 - bá don tumoideachas/oideachas sa teanga dúchais
- **Úsáid Shóisialta na Sprioctheanga**
 - Bunaidhm agus fealsúnacht
- **Tacaíocht & Acmhainní**
 - Polasaí lárnach stáit, údaráis oideachais áitiúla,

1. Teastaíonn ullmhú múinteoirí agus forbairt ghairmiúil ar scála mór le bheith in ann aghaidh a thabhairt ag an am céanna ar an ábhar, ar an teanga agus ar fhorbairt na litearthachta trí mheán T2 na ndaltaí (Lyster & Tedick, 2014). Dá bhrí sin, is cosúil go dteastaíonn bonn eolais riachtanach, tuiscintí doimhne agus inniúlachtaí ríthábhachtacha ó mhúinteoirí tumoideachais, anuas ar a mbíonn ag teastáil i ngnáthsheomraí ranga príomhshrutha
2. Is ceist í do chleachtóirí an tumoideachais cathain gur cheart múineadh na mórtheanga a thosnú agus cén úsáid gur cheart a bhaint aisti ag múineadh na mionteanga.
3. Tá an tábhacht a bhaineann le bá don tumoideachas/oideachas sa teanga dúchais a chothú i measc an phobail agus i measc na dtuismitheoirí aitheanta cheana ag taighdeoirí an dea-chleachtais. Tá an nasc atá ag an scoil/córas le tuismitheoirí na scoile agus leis an bpobal ríthábhachtach san earnáil seo. Nuair a bhíonn baint lárnach ag tuismitheoirí agus baill an phobail leis an scoil bíonn dea-thionchar aige seo ar thorthaí acadúla na bpáistí, go háirithe i gcás leanaí a labhrann an teanga mhionlaigh
4. Bunaidhm agus fealsúnacht láidir de chuid an tumoideachais/oideachas sa teanga dúchais ná labhairt shóisialta na sprioctheanga a chur chun cinn.

Modheolaíocht	Ceantar	Líon na mbunscoileanna	Líon na n-iarbhunscoileanna	Múinteoirí Bunscoile	Múinteoirí Iar-Bhunscoile	Líon na Múinteoirí
	Baile Átha Cliath agus Máguaird (Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí)	8	2	14	23	37
	Gaeltacht & Cathair na Gaillimhe (Scoileanna Gaeltachta + Gaelcholáiste amháin)	7	3	7	17	24
	Gaeltacht & Co. Dhún na nGall (Scoileanna Gaeltachta + Gaelcholáiste amháin)	8	2	8	7	15
	Gaeltacht Chúige Mumhan (Scoileanna Gaeltachta)	10	2	17	16	33
	Tuaisceart Éireann (Gaelscoileanna)	3	2	3	6	9
	Iomlán	36	11	49	69	118

ie is 47 scoil ar fad a bhí páirteach sa taighde idir bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.

Fócasghrúpaí agus agallaimh pháirtstruchtúrtha

Obair Pháirce 5 Cheantar – 3 Cheantar Gaeltachta, BÁC agus Tuaisceart Éireann, Fócasghrúpaí le múinteoirí/príomhoidí bunscoileanna, agallaimh le múinteoirí/príomhoidí na n-iarbhunscoileanna.

37 Scoil agus 114 múinteoir páirteach

Sampla


Anailís

Anailís ar an Eolas

Baineadh úsáid as teicnící éagsúla anailíse chun patrúin, téamaí agus pointí nasctha a aithint trí dhianscagadh ar na sonraí a bailíodh. Úsáideadh meamram chun tuairimí an taighdeora a chlárú. Aithníodh córas oiriúnach códú agus rinneadh na téamaí a chatagoriú. Thug an catagoriú deis coincheapa a ghiniúint, comparáidí agus

contrárthachtaí a aithint agus príomhthéamaí a chomhtháthú le chéile.





Torthaí: Freagracht, Ceannaireacht agus Luacháil (1)

- Ag leibhéal an Stáit (Polasaí Soiléir, Inniúlacht, Cur i bhfeidhm, Struchtúr agus Acmhainní)
- Ceannaireacht don earnáil le heagraíocht a thugann guth don eagsúlacht san earnáil (Gaeloideachas ?)
- Crusgrúpaí ag leibhéal idirscioleanna (do cheannairí agus cleachtóirí scoile) chun caighdeán/ionchais agus dea-chleachtais a phlé agus tuiscint orthu a leathnú
- Ceannaireacht, freagracht agus aontacht ag leibhéal na scoile – polasaí soiléir scoile a tharraingíonn gach éinne le chéile i dtaca le dea-chleachtais an teagaisc trí Ghaeilge

Torthaí: Freagracht, Ceannaireacht agus Luacháil (2)

- Ceannaireacht agus freagracht ag léibheal na roinne/ranga (iar-bhunscoil/bunscoil) laistigh den scoil i dtaca le caighdeán agus spriocanna teanga
- Luacháil ar chaighdeán Gaeilge na ndaltaí - an sprioc agus sroichint na sprice. Cad í an tslat tomhais? Coistí Litearthachta chun measúnú a dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge agus Béarla na ndaltaí, plananna gníomhaíochta chun cumas teanga a fhorbairt.
- Córas Measúnaithe chun caighdeán teanga a mheas. Cad leis atáimid ag súil ag deireadh na bunscolaíochta agus na h-iarbhunscolaíochta san earnáil do na cainteoirí/leibhéal eagsúla teanga?
- Uirlis Meanúnaithe don Riachanais Speisialta Oideachais trí Ghaeilge

Torthaí: Oideolaíocht (1)

- Teagasc a léiríonn sainscileanna maidir le sealbhú an dara teanga agus eolas ar theagasc na chéad teanga agus an dara teanga
- Idir spleáchas idir an t-ábhar agus an teanga sa chur chuige teagaisc, míreanna agus gnéithe teanga a aithint atá le teagasc le linn an ábhair le comhoibriú idir múinteoirí ranga agus ábhar
- Teagasc foirm-dhírthe – teagasc a dhíríonn aird na ndaltaí ar an gcruinneas teanga, pleanáil réamhghníomhach idir múinteoirí, measúnú comhtháite don ábhar agus teanga, aitheantas don chruinneas teanga, féincheartú, píar-cheartú
- Teagasc Cumarsáideach a chuireann béim ar an aschur teanga agus úsáid na teanga sa seomra ranga, cur i láthair, cláir raidió, taifead a dhéanamh orthu féin, appanna a chruthú, agallaimh a dhéanamh

Torthaí: Oideolaíocht (2)

- Dífrealú idir na grúpaí cumais éagsúla, cainteoirí dúchais ina measc, obair ghrúpa, roghanna difriúla mar chuid den cheacht céanna, forleathnú ag deireadh ceachta, sárchainteoirí ón bpobal, imeachtaí a chuireann béim ar an gcaint, drámaíocht/scéalaíocht, cuntóirí teanga, áiseanna agus téacsanna dílis don gcanúint. Teanga shóisialta agus teanga don ard-mhacnamh a bhaineann leis an saol nua aimseartha a fhorbairt.
- Teagasc a chruthaíonn spraoi agus cumarsáid ag tús an chórais..gan ródheabhadh i dtreo na scileanna litearthachta, mórán daltaí gan aon Ghaeilge
- Cur chuige teagaisc a dhíríonn ar an riachtanas foghlamtha trí Ghaeilge, comhoibriú idir múinteoirí chun plean foghlamtha oiriúnach a leagan amach do na daltaí. Áiseanna agus Aonaid don tacaíocht foghlamtha laistigh de scoileanna

Torthaí: Oiliúint Mhúinteoirí & Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (3)

- Sainchlár don teagasc trí Ghaeilge a ullmhaíonn múinteoirí don teagasc i scoileanna tumoideachais ar bhonn práinne.
- Ardchaighdeán Gaeilge a leagan síos i bpolasaí earcaíochta na scoileanna agus tacaíocht teanga ábhar-bhunaithe ar láthair na scoile a chur ar fáil sna scoileanna chun an caigheán seo a bhaint amach
- Sparántachtaí (spreagadh agus tacaíocht) agus am a chur ar fáil do mhúinteoirí chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge agus chun oiliúint sa teagasc trí Ghaeilge/tumoideachas a fháil
- Greasán comhoibrithe idir múinteoirí agus scoileanna a chothú chun dea-chleachtais agus cur chuige a phlé agus a roinnt, chun áiseanna a dhearadh agus a mhalartú


Moltaí

- Go bhfeidhmeodh na catagóirí dea-chleachtais seo mar thúsphlé chun critéir aitheantais a leagan síos don earnáil seo, earnáil an teagaisc trí Ghaeilge/ an tumoideachais, sa Ghaeltacht agus lasmuigh di
- Go bhforbrófar próiseas agus struchtúr ar an talamh chun tacú leis na scoileanna na critéir aitheantais dea-chleachtais seo a chur chun cinn agus a bhaint amach
 - Dea-chleachtais a chomhroinnt
 - Feachtas feasachta/forbartha
 - Spreagadh

- Ról na n-eagras tacaíochta oideachais lán-Ghaeilge aithreanta sa Pholasáí don Oideachas Gaeltachta
- Chun múinteoireacht ghairmiúil, dhíograiseach agus mhachnamhach a chomhlíonann riachtanas agus a chothaíonn barrmhianta na ndaltaí ní mór deiseanna níos fearr f'fhorbairt ghairmiúil agus tacaíocht leis na dea-chleachtais a chomhroinnt agus a chéiliúradh
- Ar mhaithe le múineadh agus foghlaim éifeachtach, cultúr dearfach, ceannaireacht láidir, creathlach pleanála éifeachtach agus idirghabháil agus tacaíocht éifeacht a chinntiú don oideachas lán-Ghaeilge, ní mór díriú sa sonrach ar oiliúint tosaigh múinteoirí athchoincheapaithe, ar chláir luathfhorbartha gairmiúla, agus ar chláir forbartha gairmiúla leanúnaí.

Dea-chleachtais a chomhroinnt agus a chéiliúradh

- deiseanna a bheith ag obair le múinteoirí tumoideachais eile chun smaointe, acmhainní, straitéisí oideolaíochta an tumoideachais a fhiosrú (agus físléiriú dá n-úsáid) a roinnt
- fóraim thacaíochta ar líne
- tionscnaimh teicneolaíochta digití
- taisclanna ar líne - áit ar féidir ábhar a uaslódáil/íoslódáil
- leas a bhaint as scéimeanna agus as athstruchtúrú Gaeloideachas



- Tá gá le:
 - Deiseanna a chuideoidh leo iad féin a shamhlú mar mhúinteoirí ábhair agus mar mhúinteoirí teanga;
 - Forbairt ghairmiúil sa tumtheanga nascaithe le TEG – ionas go bhfuil siad “níos feasaí” agus “níos eolaí” ar theanga (teanga acadúil, teanga shóisialta, ailtireacht na teanga)
 - Chun feasacht agus comhsheasmhacht a spreagadh agus a chinntiú agus iad ag cur in iúl a bhfuil siad ag súil leis ó na daltaí o thaobh teanga de
 - Chun eolas agus tuiscint ar thaighde maidir le sealbhú an dara teanga (SDT) agus na himpleachtaí oideolaíochta a bhaineann leis sin a fhiosrú
 - Chun tuiscint ar an idirspiléachas idir teanga agus ábhar a shaibhriú,
 - Chun cleachtas maidir le teagasc idirdhealaithe agus teagasc foirm-

dhírithe a chur chun cinn agus tascanna a dhearadh a éilíonn úsáid foirmeacha nua teanga


- Chun tuiscint níos doimhne a fháil ar conas aschur teanga na leanaí a mhealladh agus a shaibhriú l gcomhthéacsanna éagsúla a spreagadh
- Chun tuiscint a fháil ar conas, cathain agus cén fath gur chóir aiseolas ceartaitheach a chur ar fáil do leanaí

Spreagadh

- aitheantas – cáilíochtaí, róil, freagrachtaí - liúntas dreasachta a chur ar fáil
- am agus tacaíocht (iarratas ionadaíochta)
- deiseanna staidéir maraon le sparántachtaí taighde a chur ar fáil chun aincheisteanna/cruacheisteanna an oideachais lán-Ghaeilge a fhiosrú
- leas a bhaint as Cosán (An Chomhairle Mhúinteoireachta) chun eispéiris um fhorbairt ghairmiúil a chlárú
- tionscadail chomhpháirtíochta a sholáthar (náisiúnta/idirnáisiúnta)
- naisc idir-scoileanna agus córas malartaithe (Gaeltacht/lasmuigh den Ghaeltacht)

- Tá tacaíocht agus infra-struchtúr riachtanach chun é sin a dhéanamh i gcomhthéacs ina bhfuil luach ar ardchaighdeán feabhais

Míle buíochas!



Aoife Ní Shéaghdha
aoife.nisheaghdha@oegaillimh.ie

T.J.Ó Ceallaigh,
tj.oceallaigh@mic.ul.ie



Tagairtí roghnaithe

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015a). *Athbhreithniú ar an Oideachas sa Ghaeltacht: Athbhreithniú ar an Litríocht Náisiúnta*. Baile Átha Cliath: Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015b). *Tuarascáil ar an Soláthar Oideachais trí mheán na Gaeilge i Scoileanna Gaeltachta: Cás-Staidéir Bunscoile agus Iarbhunscoile*. Baile Átha Cliath: Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Cammarata, L. agus Tedick, D.J. (2012). Balancing content and language in instruction: The experience of immersion teachers. *The Modern Language Journal*, 96, (2), 251-269.


Cloud, N., Genesee, F. agus Hamayan, E. (2000). *Dual language instruction: A handbook for enriched education*. Bostún: Heinle and Heinle.

Dagenais, D. (2008). Developing a critical awareness to language diversity in immersion. In T.W. Fortune agus D. J. Tedick (eag.), *Pathways to multilingualism: Evolving perspectives on immersion education* (lgh. 201-20). Clevedon, Sasana: Multilingual Matters.

Day, C. (2007). Committed for life? Variation in teachers' work lives and effectiveness. *Journal of Educational Change*, 9, 243-260.

Day, E.M. agus Shapson, S.M. (1991). Integrating formal and functional approaches to language teaching in French immersion: an experimental study. *Language Learning*, 41, (1), 21-58.

Tagairtí roghnaithe (ar lean)

- 
- Day, E.M. agus Shapson, S.M. (1996). *Studies in immersion education*. Clevedon, an Ríocht Aontaithe.: Multilingual Matters.
- Day, E.M. agus Shapson, S.M. (2001). Integrating formal and functional approaches to language teaching in French immersion: an experimental study. In R. Ellis (eag.). *Form-focused instruction and second language learning* (lgh. 47-80). Oxford: Blackwell Publishers Ltd.
- Echevarría, J. agus Graves, A. (1998). *Sheltered content instruction*. Bostún: Allyn and Bacon.
- Echevarría, J. agus Short, D. (2010). Programs and practices for effective sheltered instruction. In *Improving education for English learners: Research-based approaches* (lgh. 251-322). Sacramento, CA: California Department of Education.
- Erben, T. (2005). Teacher education through immersion and immersion teacher education: An Australian case. In D. J. Tedick (eag.), *Second language teacher education: International perspectives* (lgh. 281-94). Mahwah, NJ.: Erlbaum.
- Escamilla, K., Hopewell, S. agus Ruiz, O. (2007). *Transition to biliteracy: Beyond Spanish and English*. Páipéar a cuireadh i láthair ag Cruinniú Bliantúil an American Educational Research Association, Chicago, Stáit Aontaithe Mheiriceá.
- Evans, M., Hoare, P., Kong, S., O Halloran, S. agus Walker, E. (2001). *Effective strategies for English-medium classrooms: A handbook for teachers*. Tai Po, Hong Cong: Hong Kong Institute of Education.

Tagairtí roghnaithe (ar lean)

- Fortune, T.W. (2011). Struggling learners and the language immersion classroom. I.J. Tedick, D. Christian agus T.W. Fortune (eag.). *Immersion education: Practices, policies, possibilities* (pp. 251-270). Briostó, an Ríocht Aontaithe: Multilingual Matters, Ltd.
- Fortune, T., Tedick, D. J., agus Walker, C. (2008). Integrated language and content teaching: Insights from immersion teachers. In T. W. Fortune agus D. J. Tedick (eag.). *Pathways to multilingualism: Evolving perspectives on immersion education* (lgh. 71–96). Clevedon, Sasana: Multilingual Matters.
- Freeman, Y. S., Freeman, D. E. agus Mercuri, S.P. (2005). *Dual language essentials for teachers and administrators*. Portsmouth, NH., Heinemann.
- Genesee, F. (1991). Second language learning in school settings: Lessons from immersion. In A. Reynolds (eag.). *Bilingualism, multiculturalism, and second language learning: The McGill conference in honor of Wallace E. Lambert* (lgh. 103-202). Hillsdale, NJ: Lawrence Erlbaum.
- Genesee, F. agus Lindholm-Leary, K. (2013). Two case studies of content-based language education. *Journal of Immersion and Content-based Language Education*. 1, (1), 3-33.
- Harley, B., (1991). Instructional strategies and SLA in early French immersion. *Studies in Second Language Acquisition*, 15, 245-249.
- Harley, B. (1992). Patterns of second language development in French immersion. *Journal of French Language Studies*, 2, (2), 159-183.

Tagairtí roghnaithe (ar lean)

Lyster, R., Collins, L. agus Ballinger, S. (2009). Linking languages through a bilingual read-aloud project. *Language Awareness*, 18, 366-383.

Lyster, R. agus Mori, H. (2008). Instructional counterbalance in immersion pedagogy. In T. Williams Fortune agus D. Tedick (eag.). *Pathways to multilingualism: Evolving perspectives on immersion education* (lgh. 133-148). Clevedon: Multilingual Matters Ltd.

Mac Donnacha, S. (2004). *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004: Léargas ó na Príomhoidí, na Múinteoirí agus na Tuismitheoirí*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG).

Mac Donnacha, S.; Ní Chualáin, F.; Ní Shéaghdha, A. & Ní Mhainín, T. (2005). *A Study of Gaeltacht Schools 2004*, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Ar fáil ag: <http://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Staid-Reatha-na-Scoileanna-Gaeltachta-2004.pdf>

Máirtín, C. (2006). *Soláthar Múinteoirí do na Bunscoileanna Lán-Ghaeilge: Bunachar Sonraí agus Tuairimí Príomhoidí i leith Gnéithe den Staid Reatha sa Ghaelscolaíocht*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG).

Ní Shéaghdha, A. (2010). *Taighde ar Dhea-Chleachtais Bhunscoile i dtaca le Saibhriú / Sealbhú agus Sóisialú Teanga do Dhaltaí arb í an Ghaeilge a gCéad Teanga*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG).

Ní Thuairisg, L. (2014). *Léargas ar thaithí mhúinteoirí lar-bhunscoileanna na Gaeltachta: Dúshlán Ghairmiúla agus Riachtanais Oiliúna*. Coláiste Phádraig, Droim Conrach: Tráchtas do chéim PhD san Oideachas Neamhfhoilsithe

Tagairtí roghnaithe (ar lean)

Ó Ceallaigh, T.J. (2013). Teagasc Foirm-dhírthe i gComhthéacs an Tumoideachais Lán-Ghaeilge: Imscrúdú Criticiúil ar Dhearcthaí agus ar Chleachtais Mhúinteoirí. Coláiste na hOllscoile, Corcaigh: Tráchtas PhD.

Ó Duibhir, P. (2006). *Oideachas na Múinteoirí agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach i Scoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (tuarascáil dhátheangach).

Ó Duibhir, P., Ní Chuaig, N., Ní Thuairisg, L. agus Ó Brolcháin, C. (2015). *Soláthar Oideachais trí Mhionteangacha: Athbhreithniú ar Thaighde Idirnáisiúnta*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ó Giollagáin, C.; Mac Donnacha, S.; Ní Chualáin, F.; Ní Shéaghdha, A. & O' Brien, M. (2007). *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa. Gaeltacht: Príomhthorthaí agus Moltaí*. An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (tuarascáil dhátheangach).

Ó Grádaigh, S., (2015). *Soláthar Múinteoirí Ábhar do na hIarbhunskoileanna LánGhaeilge & Gaeltachta*. Ollscoil na hÉireann, Gaillimh: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

O Laoire, M. & Harris, J. (2006). *Language and Literacy in Irish Primary Schools: Review of Literature*. An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Péterváry, T.; Ó Curnáin, B.; Ó Giollagáin, C. & Sheahan, J. (2014). *Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach: An Sealbhú Teanga i measc Ghlúin Óg na Gaeltachta*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (tuarascáil dhátheangach).